

Measúnú i gCeol na Sraithe Sóisearaí

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama.

Baineann measúnú san oideachas na sraithe sóisearaí le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid.

Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, díritear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú.

...Sonraíocht an Cheoil, Ich.18

Rannpháirtíocht agus Déanamh Ceoil sa Seomra Ranga

Beidh an scoláire...

- páirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear a smaointe cruthaitheacha agus léirmhíniú smaointe daoine eile in iúl
- ag forbairt líofacht agus rialú teicniúil de réir mar a chleachtann sé agus de réir mar a dhéanann sé léiriú ina aonair agus le daoine eile
- ag baint úsáid as taibhiú mar bhealach chun a dtuiscint ar ghnéithe ceoil agus ar theicnící uirlise/ guthacha a léiriú
- ag cleachtadh, ag athreithniú agus ag beachtú an cheoil chun é a thaibhiú do dhaoine eile agus le daoine eile
- ag foghlaim conas cinntí agus breithiúnais eolasacha ceoil a dhéanamh

...Sonraíocht an Cheoil, Ich. 12

An Scrúdú Praiticiúil

Beidh an scrúdú Praiticiúil...

- ag tarlú sa tríú bliain
- bronnaithe 30% de na marcanna a bheidh ar fáil i leith an scrúdaithe scríofa
- marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- ag léiriú an caighdeán a theastaíonn leis an méid is féidir a bhaint amach i dteagasc rangbhunaithe trí bliana
- ag déanamh measúnú ar rialú teicniúil, líofacht agus ceolmhaireacht

Sa scrúdú praiticiúil...

- taibheoidh an scoláire trí amhrán/phíosa ceoil agus déanfaidh sé scrúdú neamhullmhaithe
- is féidir taibhiú aonrédach agus grúpa a mheascadh gan srian
- is féidir na hamhráin/píosaí a chur i láthair ar uirlisí éagsúla nó tríd an nguth agus uirlisí le chéile

Sa scrúdú praiticiúil...

Roghnóidh an scoláire as...

- cluaschuimhne (rithimeach nó séis) NÓ
- amharcléamh (uirlis/guth/rithimeach) NÓ
- tobchumadóireacht le haghaidh ceithre bharrar ar a laghdú a dhéanamh

...Sonraíocht an Cheoil, Ich.23